



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Teastas Sóisearach 2018

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Staidéar Gnó

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2018

STADÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I

RÉITIGH

ROINN A

(80 mharc)

1.

CCÚR (DIRT)	CÁIN CHOINNEÁLA AR ÚS TAISCE
RIB (CAR)	AN RÁTA IOLRAITHE BLIANTÚIL
RCB (APR)	AN RÁTA CÉATADÁNACH BLIANTÚIL

2.

GLÉASANNA IONCHUIR	(i)	Eochairchlár, luch, ceap tadhaill, eochair USB, guth digiteach taifeadán, CD, micreafón
	(ii)	Scanóir, scáileán tadhaill, peann digiteach.
GLÉASANNA ASCHUIR	(i)	Printéir, cluasáin gan sreang, CD, seinnteoir MP3.
	(ii)	Monatóir (scáileán), callairí bluetooth

3.

Cuntas Trádála TAG Teo. don bhliain dar críoch 31-12-2017			
	€	€	€
Díolacháin			(i) 340,000
Stoc (01/01/2017)		85,000	
(ii) Ceannacháin	151,000		
Carraeireacht Isteach	4,000	155,000	
Stoc (31/12/2017)		240,000	
		50,000	190,000
(iii) Brabús Comhlán			150,000

4.

Freagra:
6%

Obair:
Glanbhrabús = 85,500 – 28,500 = 57,000
$\frac{57,000}{950,000} \times \frac{100}{1} = 6\%$

5.

Aithníonn na custaiméirí táirge na cuideachta agus is féidir leo é a idirdhealú go héascú ó tháirgí iomaitheoirí. Le brandáil cuirtear dílseacht custaiméirí chun cinn, rud a mbíonn méadú ar dhíolacháin agus ar bhrabúis mar thoradh air. Le branda aitheanta beidh an custaiméir cinnte go bhfuil cáilíocht an táirge maith. Is féidir leis cuidiú le fógraíocht a dhéanamh ar na táirgí. Is féidir brandáil a úsáid chun táirge nua a sheoladh.

6.

Comhlánaigh **cuntais mhórléabhair E. de Paor** agus taispeáin ainmneacha na gcuntas agus na sonraí ábhartha, uimhrithe ó (i) go (iv):

(i) <u>Trealaimh</u> Cuntas					
Dr			Sr		
Dáta	Sonraí	€	Dáta	Sonraí	€
2018 8 Meitheamh	(ii) Cuntas Airgid thirim/Bainc	2,100			

(iii) <u>Airgid thirim/Bainc</u> Cuntas					
Dr			Sr		
Dáta	Sonraí	€	Dáta	Sonraí	€
			2018 8 Meitheamh	(iv) Cuntas Trealaimh	2,100

7.

Dr			Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe			Sr		
Dáta	Sonraí	€	Dáta	Sonraí	€			
2018			2018					
1 Bealtaine	Iarmhéid t/a	5,700	31 Bealtaine	Airgead tirim/banc	5,400			
31 Bealtaine	Díolacháin	6,100	31 Bealtaine	Iarmhéid t/s	6,400			
		11,800			11,800			
31 Bealtaine	Iarmhéid t/a	6,400						

NÓ (Formáid Mhalartach)

Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe				
Dáta	Sonraí	Dr	Sr	Iarmhéid
2018		€	€	€
1 Bealtaine	Iarmhéid t/a			5,700
31 Bealtaine	Airgead tirim/banc		5,400	300
31 Bealtaine	Díolacháin	6,100		6,400

8. Mínigh an téarma ‘córas geilleagrach saoríomaíochta/saorfhiontraíochta’.

Cinntear praghsanna le soláthar agus éileamh. Soláthraíonn an eanáil phríobháideach na hearraí agus seirbhísí go léir. Níl mórán bainte nó níl baint ar bith ag an rialtas leis.

9.

	Ráiteas Oibriúcháin	Clár Comhardaithe
Táillí Tréidlia	✓	
Dímheas Tarracóra	✓	✓
Díolachán Féir Thirim	✓	

10.

- Costas chúiréirí Pá tiománaithe, breosla má tá a n-iompar féin á úsáid, nó an costas ar a fhrúiliú.
- Iontaofacht An gcinnteoidh an úsáid as iompar poiblí seachadadh in am?
- Cineál earraí Earraí móra agus troma / earraí somheata/táirgí beaga éadroma – cineálacha éagsúla córais seachadta i ngach cás
- Luas Riachtanach do bhia úr
- Sábháilteacht D'fhéadfadh timpistí costais árachais a mhéadú
- Fad Teastaíonn dhá chóras seachadta nó níos mó i leith seachadtaí thar lear
- Áisiúlacht Seachadadh ó dhoras go doras
- Solúbthacht Is féidir amchláir sheasta a sheachaint.

11.

- (i) Mínigh an téarma 'Óinchiste'.

Óinchiste: Méid sheasta/chéanna airgid thirim/airgead beag a dtosaíonn an Mionairgeadóir leis gach mí.

- (ii) Ríomh an méid airgid a theastóidh ón Mionairgeadóir chun an t-óinchiste a athlúonadh Taispeáin do chuid oibre.

Freagra:
€177

Obair:
$57 + 59 + 61 = 177$

12.

Freagra:
€ 50 milliún

Obair:
Comhardú na Trádála = Onnmhairí Sofheicthe – Allmhairí Sofheicthe: $700 - 650 = 50$

13.

Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Cailteanais Kors Teo. don bhliain dar críoch 31-12-2017		
Glanbhrabús		€ 570,000
Lúide Díbhinní		(i) 32,500
(ii) Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais		(iii) 537,500

14. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil stocáireamh riachtanach i ngnólacht ar bith.

- Cuireann stocáireamh ar chumas gnólachta fios a bheith aige cá mhéad de gach cineál táirge atá ar láimh.
- Taispeánann sé má tá stoc táirge áirithe ag éirí gann agus má chaithfear é a athordú.
- Taispeánann sé má tá barraíocht de tháirge áirithe ann nach bhfuil ag díol.
- Taispeánann sé má tá cuid den stoc gar dá spriocdháta díola nó má tá sé caite.
- Tá sé riachtanach ag deireadh bliana airgeadais luach an stoic dheiridh do na cuntais deiridh a fháil.
- Chun calaois/gadaíocht a chosc.

15. (i) Breac na hiarmhéideanna seo thíos i leabhar cunta ginearálta páirtchomhlánaithe Ophelia Teo:

1 Eanáir 2018	Foirgnimh	€575,000
	Rótharraingt Bhainc	€9,610

(ii) Ríomh an Gnáth-Scairchaipiteal

Ophelia Teo. – Leabhar Cunta Ginearálta				
Dáta	Sonraí	F	Dr	Sr
			€	€
1 Eanáir 2018	Foirgnimh	GL ₁	575,000	
	Creidiúnaithe	CL ₁		10,000
	Banc	CB ₁		9,610
	Gnáth-Scairchaipitel	GL ₂		555,390
<i>Sócmhainní, Dlíteanais agus Scairchaipiteal Ophelia Teo ar an dáta seo.</i>			575,000	575,000

16. Mínigh an téarma ‘dliteanas neamhtheoranta’.

Tá **úinéirí/scairshealbhóirí** gnólachta faoi **dhliteanas** mhéid iomlán fhiachas an ghnólachta má dhéantar **an gnólacht féimheach**. **D’fhéadfaí a sócmhainní/infheistíocht phearsanta** go léir a **chailleadh**.

17. Breac an beart seo a leanas i Leabhar Sischur Isteach Ó Canainn Teo.:

Ar 3 Meitheamh 2018, chuir Frainc Teo. earraí de luach €2,100 ar ais go dtí Ó Canainn Teo. (Nóta Creidmheasa Uimh. 24).

Ba é 23% an ráta CBL ar na hearraí seo.

Ó Canainn Teo. – Leabhar Aischur Isteach						
Dáta	Sonraí	Uimh. NC	F	Glan €	CBL €	Iomlán €
2018 3 Meitheamh	Frainc Teo.	24	MLF	2,100	483	2,583

18. Cuir tic (✓) sna colúin chearta le taispeáint cé acu an foinsí airgeadais gearrthéarma, meántéarma nó fadtéarma iad na foinsí airgeadais seo a leanas.

Foinse Airgeadais	Gearrthéarma	Meántéarma	Fadtéarma
Morgáiste			✓
Creidiúnaithe	✓		
Fruilcheannach		✓	

19. Liosta miondíoltóirí atá i gColún 1. I gColún 2, tá liosta Ráiteas ar féidir iad a mheaitseáil leis na miondíoltóirí seo. (Tá ráiteas amháin ann nach mbaineann le ceann ar bith de na téarmaí miondíoltóirí.)

Miondíoltóirí	Ráitis
1. Ollmhargadh	A. Siopa ar le húinéir amháin é agus a bhfuil mórán brainsí aige ar fud na tíre.
2. Grúpa Deonach	B. Siopa féinseirbhíse a chuireann réimse mór earraí éagsúla ar fáil.
3. Siopa Ilbhrainsí	C. Siopa a chuirtear ar bun le cead ón úinéir.
	D. Siopaí a thagann le chéile le dul san iomaíocht.

Meaitseáil an dá liosta agus cuir litir an ráitis atá ceart faoin uimhir ábhartha thíos:

1.	2.	3.
B	D	A

20. Déan idirdhealú idir idir-réiteach agus eadráin.

Idir-réiteach: Aontaíonn an dá pháirtí i ndíospóid (an lucht bainistíochta agus fostaithe de ghnáth) **duine/éascaitheoir neamhspleách a thabhairt isteach chun an díospóid a réiteach.** Ceapann an **Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre** an comhréiteoir agus cuidíonn sé leis an dá pháirtí iarraidh a thabhairt teacht ar **réiteach mbeidh glacadh acu araon leis.**

Eadráin: Mura réitíonn idir-réiteach an díospóid, d'fhéadfaí **tríú páirtí neamhspleách eile (cúirt saothair)** a cheapadh chun iarraidh a thabhairt é a réiteach. Déanann **an t-eadránaí moladh a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh bheith ceangailteach.**

ROINN B

Ceist 1 (A) Buiséad Pleanáilte do Theaghlach Uí Shíoráin do 2019

	Ean	Feab	Már	Iomlán Ean – Már	Meastachán Aib – Noll	Iomlán le haghaidh na Bliana Ean – Noll
IONCAM PLEANTÁILTE	€	€	€	€	€	€
Máiréad Uí Shíoráin - Tuarastal	2200	2200	2200	6600	21,450 [1]	28,050 [1]
Éanna Ó Síoráin - Pá	1800	1800	1800	5400	17,000 [1]	22,400 [1]
Sochar Leanaí	280	280	280	840	2,660 [1]	3,500 [1]
IONCAM IOMLÁN	4280	4280	4280	12840	41,110	53,950
CAITEACHAS PLEANTÁILTE						
<i>Seasta</i>						
Árachas tí bliantúil			940	940		940 [1]
Iasacht chairr agus árachas cairr	320	320	320	960	3,430 [1]	4,390 [1]
Morgáiste	950	950	950	2850	8,830 [1]	11,680 [1]
Fo-iomlán	1270	1270	2210	4750	12,260	17,010
<i>Mírialta</i>						
Teileafón agus leathanbhanda	130	130	130	390	1,380 [1]	1,770 [1]
Costais solais agus teasa	140		125	265	625 [1]	890 [1]
Costais choinneála cairr	160	160	160	480	1,640 [1]	2,120 [1]
Costais teaghlaigh	890	890	890	2670	7,743 [1]	10,413 [1]
Fo-iomlán	1320	1180	1305	3805	11,388	15,193
<i>Roghnach</i>						
Costais siamsaíochta	100	120	130	350	1,140 [1]	1,490 [1]
Laethanta saoire	290			290	2,610 [1]	2,900 [1]
Maisiú tí			3900	3900	0	3,900 [1]
Fo-iomlán	390	120	4030	4540	3,750	8,290
CAITEACHAS IOMLÁN	2980	2570	7545	13095	27,398	40,493
Airgead Glan	1300	1710	(3265)	(255)	13,712 [1]	13,457 [1]
Airgead Tosaigh	80	1380	3090	80	-175 [1]	80 [1]
Airgead Deiridh	1380	3090	(175)	(175)	13,537	13,537
					2 mharc - caithfidh sé bheith mar an gcéanna agus ceart	

(B)

(i)	Sainaithin ioncam breise i mBuiséad Teaghlaigh Uí Shíoráin.	
	Freagra:	
	• Ardú tuarastail 15% Mhairéad. • Ragobair Éanna. • Bónas Éanna. • Sochar Linbh níos airde nuair a thiocfaidh an tríú páiste ar an saol.	1 @ 3m
(ii)	Cad é an t-iarmhéid airgid deiridh atá measta do theaghlach Uí Shíoráin ag deireadh mhí an Mhárta 2019?	
	Iarmhéid: Easnamh €175	1m
(iii)	Tabhair dhá shlí le déileáil leis an gcúinse sealadach seo ag deireadh mhí an Mhárta 2019, mura mbeidh teacht ag teaghlach Uí Shíoráin ar shaoráid rótharraingthe.	
	• Íoc an tárachas tí ar bhonn míosúil nó ráithiúil. • Laghdaigh na costais teaghlaigh. • Ná cuir an tsaoire in áirithint go dtí Aibreán nó Bealtaine. • Laghdaigh an méid a chaitear ar mhaisiú tí, nó íoc é thar thrí mhí. • Laghdaigh na costais siamsaíochta. • Déan níos mó ragoibre/oibrigh níos mó uaireanta.	2 @ 3m

Ceist 2

(A)

Ciste Carntha [1] Chlub Leadóige Chrann na Gaoithe ar 01/01/2017 [1]		
	Dr	Cr
Sócmhainní:		
Clubtheach	230,000 [1]	
Airgead Tirim	27,000 [1]	
Banc	3,000 [1]	
Tuilsoilse	45,000 [1]	305,000
Dliteanais:		
Íasacht Téarma	80,000	<u>80,000</u> [1]
Ciste Carntha		<u><u>225,000</u></u> [1]

(8 marc)

(B)

Club Leadóige Chrann na Gaoithe [1]			
Cuntas Ioncaim & Caiteachais [1] don bhliain dar críoch an 31/12/2017 [1]			
Ioncam [1]			
Síntiúis	18,000 [1]		
Síntiúis réamhíoctha	<u>730</u> [1]	17,270 [1]	
Táillí comórtais	5,300 [1]		
Duaiseanna comórtais	<u>3,070</u>	2,230 [1]	
Lató an chlub	27,700 [1]		
Speansais lató	<u>11,200</u>	16,500 [1]	
Urraíocht bhliantúil		<u>24,000</u> [1]	60,000
Lúide Caiteachas [1]			
Deisiú tuilsoilse		2,740 [1]	
Cothabháil na gcúirteanna		6,517 [1]	
Speansais ghinearálta	2,150 [1]		
Cuir na speansais ghinearálta leis	<u>160</u> [1]	2,310 [1]	
Árachas	1,950 [1]		
Árachas réamhíoctha	<u>325</u> [1]	1,625 [1]	
Dímheas:			
Trealamh	1,440 [1]		
Tuilsoilse	<u>4,500</u> [1]	<u>5,940</u> [1]	<u>19,132</u>
Barrachas ioncaim/barrachas thar caiteachas [1]			<u><u>40,868</u></u> [2]

(27 marc)

(C) Ríomh an céatadán ioncaim a thagann ó urraíocht. Déan trácht ar do fhreagra.

$$24,000/60,000 \times 100 = \mathbf{40\% [2]}$$

nó

$$24,000/74,200 \times 100 = \mathbf{32.3\% [2]}$$

- Céatadán ard – bheadh sé níos deacra dóibh dul ar aghaidh gan urraíocht/ró-spleách air.
- Cuidíonn sé leis na síntiúis bhliantúla a choinneáil íseal, agus is féidir le níos mó ball páirt a ghlacadh ann.
- Baineann sé an brú as a bheith ag íoc as costais chothabhála. Cumhdaíonn sé a speansais reatha ar fad.
- D'fhéadfadh sé bheith ina chuidiú le hóc as an trealamh nua. [3]

(5 mharc)

40 Marc san Iomlán

**Ceist 3
(A)**

(i) Buiséad Náisiúnta don bhliain 2018 [2]					
			€ Milliún	€ Milliún	
	IONCAM				
	Cáin Chorparáide		540 [1]		
	Dleachtanna Máil		285 [1]		
	ÍMAT		3,150 [1]		
	CBL		<u>2,250</u> [1]	6,225	
	CAITEACHAS				
	Seirbhísí Sláinte		1,870 [1]		
	Cosaint Shóisialta		1,440 [1]		
	Oideachas agus Scileanna		1,680 [1]		
	Seirbhísíú ar Fhiachas		780 [1]		
	Talmhaíocht, Bia agus Muir		<u>250</u> [1]	6,020	
	BARRACHAS [1]			205 [1]	

(13 mharc)

- (ii) **Mínigh an téarma ‘cáin chorparáide’.** 3m

Cáin ar bhrabúis cuideachta is ea cáin chorparáide.

- (iii) **Tá rialtas SAM i ndiaidh ráta na cánach corparáide a laghdú le déanaí.**
Tabhair breac-chuntas ar an **tionchar a bheadh ag an athrú seo ar Bhuiséad Náisiúnta na hÉireann.**

3m

Tionchar an laghdaithe ar ráta cháin chorparáide SAM:

- D’fhéadfadh sé bheith ina chúis le méadú ar chostais leasa shóisialaigh mar gheall ar méadú ar ráta dífhostaíochta na hÉireann.
- Laghdú ar an gcáin ioncaim, cáin chorparáide, an muirear sóisialta uilíoch agus ioncaim eile le Rialtas na hÉireann/brú a chur ar bhuiséad rialtas na hÉireann.

(19 marc)

- (B) (i) Ba é €7,000 an costas maireachtála i dtír in 2016. In 2017, b'ionann é agus €7,105. Ríomh an ráta boilscithe. (Taispeáin do chuid oibre.)

3 fhigiúr @ 1m an ceann

Ráta Boilscithe: $7,105 - 7,000 = 105$

$105/7,000 = 1.5\%$

- (ii) Mínigh an téarma 'boilsciú'.

3m

Boilsciú: **Méadú marthanach** is ea boilsciú ar leibhéal ginearálta praghsanna earraí nó seirbhísí ó thréimhse amháin go tréimhse eile.

- (iii) Sainaithin tomhas oifigiúil an bhoilscithe in Éirinn.

3m

Praghasinnéacs Tomhaltóirí (PIT)

- (iv) Sonraigh dhá chúis le boilsciú.

2 @ 3m an ceann

- Mar gheall ar mhéadú ar an gcostas ar tháirge a tháirgeadh méadóidh praghas díola an táirge freisin – méadú ar phraghas amhábhbar, pánna, ola, gáis.
- Mar gheall ar mhéadú ar CBL, ar Dhleachtanna Máil nó ar Dhleacht Chustam a bhaineann leis an táirge méadóidh praghas an táirge.
- Má bhíonn an t-éileamh ar tháirge níos mó ná an soláthar, méadóidh an praghas – e.g. tithíocht, cíósanna.

(15 mharc)

- (C) Theip ar iarracht na hÉireann chun Corn Domhanda Rugbaí 2023 a óstáil.

2 éifeacht @ 3m an ceann

Tabhair breac-chuntas ar dhá thionchar eacnamaíochta d'Éirinn dá mba rud é gur éirigh leis an iarracht seo.

- **Níos mó ioncaim** do chách mar gheall ar a lán cuairteoirí ó thíortha eachtracha as a gcaitheamh/CBL/ÍMAT/Dleacht Chustam
- **Níos lú íocaíochtaí cosanta sóisialta**
- Próifíl/nochtadh idirnáisiúnta méadaithe d'Éirinn – le cluichí ar an teilifís ar fud an domhain is cosúil go dtiocfaidh **méadú ar an turasóireacht** go hÉirinn sna blianta ina dhiaidh sin rud a bheadh **fostaíocht bhreise** san earnáil sin mar thoradh air – treoraithe turais, foireann óstáil, an earnáil bhia.
- **Bonneagar feabhsaithe** – bóithre go hionaid, faichí imeartha níos fearr chun freastail ar shluaite móra.

(6 mharc)

40 marc san iomlán

Ceist 4

(A) (i) Ainmnigh an dlí tomhaltais a bhaineann le hábhar sa chás seo.

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007/an tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978

[3m, 2m d'ainm an dlí agus 1 mharc don bhliain]

(ii) Luaigh prionsabal ábhartha an dlí tomhaltais a briseadh.

Faisnéis mhíthreorach/bhréagach/mhíchruinn san fhógraíocht.

[3m]

(6 mharc)

(B) (i) Scríobh an litir a sheol Cáit Uí Thuathaigh chuig Taisteal na Ríochta Teo.

Achoimre na litreach:

Leagan amach 8m

Ábhar 5 @ 2m

Béarla 4m

Radharc an Locha

Mucros

Co. Chiarraí [1]

3 Meitheamh 2018 [1]

An Bainisteoir

Taisteal na Ríochta Teo

Radharc na Páirce

Cill Árne

Co. Chiarraí [1]

Maidir le: Laethanta saoire i Lanzarote [1]

A Chara/a Dhuine Uasail [1]

Tá mé féin agus m'fhear céile tar éis teacht ar ais ó shaoire seachtaine i Lanzarote (ón 24 Bealtaine 2018 go dtí an 31 Bealtaine 2018) a chuireamar in áirithe le do chuideachta. (2)

Luadh go soiléir i do bhróisiúr saoire go raibh a linn snámha féin san ionad árasán ina mbeimis ag fanacht. (2) Nuair a shroicheadar an t-árasán, fuairéamar amach nach raibh aon linn snámha ann (2) Bhí an-díomá orainn.

Mar gur tugadh faisnéis mhíthreorach i do bhróisiúr agus gur sháraigh sé an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, (2) braithimid go bhfuilimid i dteideal aisíocaíocht mar nach bhfuairéamar an tsaoire ar íoc muid aisti. (2)

Táimid ag súil le freagra tapa. [1]

Mise le meas [1]

Cáit Ó Tuathaigh [1]

(ii) Luaigh dhá mhodh a d'fhéadfadh a bheith úsáidte ag muintir Uí Thuathaigh chun íoc as an tsaoire.

2 mhodh @ 2m an ceann

Airgead Tirim

Seic

Cárta creidmheasa

Cárta dochair

Ar líne – Idirlíon/Paypal/RAA/Aistriú Creidmheasa

Dearbhán bronnánais

Rótharraingt Bhainc

(26 marc)

(C) (i) Míniú an téarma ‘tobceannach’ agus tabhair sampla de.

Míniú 2m
Sampla 2m

Míniú: Ciallaíonn sé rud éigin a cheannach ar ala na huaire/caitheamh nach raibh pleanáilte/rud éigin nach bhfuil ina chuid de bhuiséad duine/gan smaoineamh ar na hiarmhairtí airgeadais.

Sampla:

Rud costasach a cheannach mar go raibh laghdú 20% air.

Dhá rud a cheannach nuair nach dteastaíonn uait ach rud amháin mar go raibh tairiscint orthu.

(ii) Míniú dhá thréith a bhaineann le tomhaltóir maith.

2 @ 2m an ceann

- Tá siad feasach faoi chearta dlíthiúla - eolas faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí.
- Tá siad feasach faoi eagraíochtaí ar féidir leo cuidiú le fiosrúcháin agus an tomhaltóir a chosaint.
- Tá siad ábalta gearán a dhéanamh ar bhealach cuí.
- Ní cheannaíonn siad earraí nó seirbhísí ar ala na huaire.
- Cuireann siad praghsanna earraí agus seirbhísí comhchosúla i gcomparáid lena chéile sula gceannaíonn siad/cuardaíonn siad an margadh is fearr.
- Ullmhaíonn siad buiséad agus coinníonn siad leis.
- Coinníonn siad admhálacha agus ráthaíochtaí.

(8 marc)
40 marc san iomlán

Ceist 5

(A) (A) Ullmhaigh Leabhar Airgid Anailísithe Mhichíl Uí Chonchúir do mhí na Bealtaine 2018 ó na sonraí atá luaite thíos:

Leabhar Airgid Anailísithe Mhichíl Uí Chonchúir [1]

Dr					Sr						
Dáta	Sonraí	Airgead Tirim	Pánna	Eile	Dáta	Sonraí	Airgead Tirim	Earraí grósaera	Solas agus Teas	Cíos	Eile
2018		€	€	€	2018		€	€	€	€	€
1 Bealtaine	larmhéid t/a	1,160			5 Bealtaine	Earraí grósaera	280	280			
7	Pánna	780	780		11	Leictreachas	125		125		
21	Pánna	780	780		12	Siamsaíocht	70				70
30	Buachán Lató	25		25	15	Cíos	440			440	
					16	Earraí grósaera	290	290			
					18	Breosla	70		70		
					23	Giomnáisiam	55				55
					25	Teileafón	100				100
					29	Earraí grósaera	320	320			
					31	larmhéid t/s	995				
		2,745	1,560	25			2,745	890	195	440	225
31 Bealtaine	larmhéid t/s	995									

Taobh dr: larmhéid €1,160 1m 6 fhigiúr @ ½ mharc = 3m larmhéid t/a 995 = 1m	Taobh sr: 18 bhfigiúr @ ½ mharc = 9m larmhéid t/s 995 = 1 m Teideal 1m Dáta leis an mbliain 1m	Iomlán 17m
---	---	-----------------------------

(B)

3 @ 2m an ceann

(i) **Luaigh trí riachtanas nach foláir do dhuine a chomhlíonadh agus cuntas bainc á oscailt aige/aici.**

- Cruthúnas ar sheoladh e.g. bille fónais, ráiteas ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Cruthúnas ar aitheantas e.g. pas, ceadúnas tiomána.
- UPSP (uimhir phearsanta seirbhíse poiblí) – ag teastáil má thuilltear ús ar an gcuntas.
- Cruthúnas ar fhoinsé ioncaim.

(ii) **Tabhair breac-chuntas ar dhá dhifríocht idir cuntas reatha agus cuntas taisce.**

2 @ 2m an ceann

- Bíonn saoráid rótharraingthe le cuntas reatha de ghnáth, ach ní bhíonn le cuntas taisce.
- Úsáidtear seicleabhar le cuntas reatha ach ní úsáidtear le cuntas taisce.
- Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh le buanordú/dochar díreach ó chuntais reatha ach ní féidir ó chuntais taisce.
- Úsáidtear cuntas reatha le haghaidh idirbheart lá go lá agus úsáidtear cuntas taisce le haghaidh coigilteas.
- D'fhéadfadh sé go ngearrfaí táillí ar chuntas reatha agus ní ghearrtar táillí ar chuntais taisce de ghnáth.
- Tairgeann cuntais taisce ús ar an iarmhéid, cé go bhfuil an ráta íosta i bhfeidhm faoi láthair. Ní thuilltear airgead i gcuntas reatha ús de ghnáth.

(iii) **Luaigh agus míniú conas a aistreofaí a dheontas oideachais go dtí a chuntas bainc.**

4m [2 + 2]

Aistriú creidmheasa – Aistríonn an roinn a íocann an deontas a dheontas ar líne/go leictreonach, go díreach go dtí a chuntas reatha bainc. (SUSI).

(iii) **I leabhar airgid anailísithe Mhichíl taispeántar na trí bhille teaghlaigh seo a leanas:**

- Cíos míosúil
- Earraí grósaera
- Leictreachas

3 @ 3m an ceann

Mínigh mhodh amháin difriúil a d'fhéadfadh Micheál a úsáid chun gach aon cheann de na billí seo a íoc óna chuntas nua bainc.

Buanordú: Tugtar **treoir don bhanc** chun **suim sheasta** a íoc díreach as a chuntas reatha **ag eatraimh rialta/dáta seasta** go dtí cuntas tríú páirtí.

Dochair Díreach: Tugann sé sin **cead do thríú páirtí méideanna athraitheacha a aistarraingt as airgead ó chuntas reatha ag dátaí rialta/seasta éagsúla.**

Ríomhaistriú Airgid (RAA): Is féidir billí a íoc ar líne le RAA – déantar an méid atá le híoc a aistriú, ar líne díreach go dtí cuntas reatha bainc tríú páirtí.

Seic: Is é sin treoir i scríbhinn ón sealbhóir cuntais, chuig an mbanc chun méid sonrach a íoc leis an duine atá ainmnithe ar an tseic.

Cárta Dochair: Nuair a úsáidtear cárta dochair baintear airgead díreach as cuntas reatha agus aistrítear é láithreach chuig cuntas bainc eile.

Airgid thirim: Is féidir leis an sealbhóir cuntais **airgead tirim a fháil ó chuntas bainc** nó cárta UMB a úsáid chun airgead tirim a aistarraingt. Is féidir an t-airgead tirim a úsáid ansin chun billí a íoc.

(23 marc)

40 marc san iomlán

Ceist 6

- (A) (i) **Mínigh an difríocht idir cumhdach árachais tríú páirtí agus cumhdach árachais cuimsitheach.**

Míniú ar an difríocht 6m

Soláthraíonn árachas **tríú páirtí** cúiteamh do dhaoine a gortaíodh i gcarr Shorcha nó le carr Shorcha/is féidir leis damáiste ar mhaoin a rinneadh le carr Shorcha a chumhdach chomh maith (1). Níl a carr féin cumhdaithe (2).

Soláthraíonn árachas cuimsitheach cúiteamh do gach duine a gortaíodh le carr Shorcha/maoin ar bith a ndearna an carr damáiste de (1) chomh maith le damáiste do charr Shorcha (2).

- (ii) **Luaigh agus mínigh na prionsabail árachais ba chóir do Shorcha a bheith ar an eolas fúthu agus árachas cairr á fháil aici.**

Prionsabail 2 @ 1m an ceann

Míniú 2 @ 2m an ceann

Meon Lánmhaith (1): Tá sé d'oibleagáid uirthi gach ceist a fhreagairt go hionraic agus an fhoirm togra á comhlánú aici/gach fíric bhainteach agus ábhartha a nochtadh (2).

Ús Inárachais (1): Caithfidh Sorcha ús airgeadais a bheith aici sa charr atá á árachú/airgead a chailleadh óna chaillteanas (2). Tá sin fíor mar gur léi an carr agus chailleadh sí airgead dá dtarlódh damáiste de. Ní bheadh sí ábalta carr duine eile a árachú.

- (iii) **Mínigh na téarmaí a leanas, agus tagairt agat do Shorcha:**

Míniú 3 @ 2m an ceann

Tagairt do Shorcha 3 @ 2m an ceann

- (a) **Ualú:** Méadú ar an bpréimh ar chúis faoi leith (2). Bheadh préimh Shorcha níos airde mar gur tiománaí nua í atá 23 bliain d'aois agus ní raibh thaithí ar tiomáint ar bith aici roimhe seo (2).

- (b) **Préimh:**
Is é costas an árachais/íocaíocht le haghaidh árachais (2). An tsuim airgid a íoc Sorcha leis an árachóir mar mhalairt ar an gcumhdach árachais (2).

- (c) **Bónas cheal éilimh:**
Tugtar lascaine sa phréimh árachais mura ndéantar éileamh (2). Do gach bliain nach ndéanann Sorcha éileamh beidh laghdú céatadáin ar a bunphréimh (suas le teorainn áirithe)/is é an chéad árachas do Shorcha agus mar sin ní bheadh sí i dteideal bónas cheal éilimh (2).

(24 marc)

(B) (i) Mínigh an téarma ‘creidmheas cánach’.

Míniú 4m [2 + 2]

Liúntas cánach/dreasacht chánach is ea creidmheas cánach a thugann na Coimisinéirí Ioncaim/Rialtas do cháiníocóirí, rud a laghdaíonn an méid cánach atá le híoc ag an gcáiníocóir.

(ii) Luaigh dhá asbhaint reachtúla a thógfaí óna hollphá.

2 @ 2m an ceann

- ÍMAT - Íoc Mar a Thuillir
- ÁSPC - Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa
- MSU - Muirear Sóisialta Uilíoch

(iii) Tabhair breac-chuntas ar aidhm gach ceann de na hasbhaintí reachtúla seo.

2 @ 2m an ceann

ÍMAT: Tugtar cáin ioncaim air chomh maith, agus úsáidtear é chun caiteachas an Rialtais (reatha) ar reáchtáil na ranna rialtas ar fad a mhaoiniú.

ÁSPC: Chun íoc as sochair leasa shóisialaigh. Cumhdaíonn sé speansais optúla, fiacloireachta agus ospidéal phoiblí chomh maith.

MSC: Is é sin cáin atá iníoctha ar ioncam iomlán (comhlán). Tugadh isteach ar dtús é le linn na géarchéime airgeadais le cuidiú leis an mbuiséad a chothromú/le caiteachas reatha sna ranna rialta go léir a mhaoiniú agus forlíonann sé an caiteachas a bhaineann le ÁSPC.

(iv) Má dhíol Siorcha luach €870 d’earraí in aon seachtain amháin, ríomh a hollphá don tseachtain sin. Taispeáin do chuid oibre.

$$870 \times 8/100 = 69.60 \text{ [2]}$$

$$69.60 + 320.00 \text{ [1]} = \mathbf{€389.60 \text{ [1]}} = \mathbf{Ollphá}$$

(16 mharc)

40 Marc san Iomlán



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthrata a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónaís sin **a shlánú síos**.

Tábla 240 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 240 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthrata an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthrata i gcás 180 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
181 - 183	17
184 - 186	16
187 - 190	15
191 - 193	14
194 - 196	13
197 - 200	12
201 - 203	11
204 - 206	10
207 - 210	9

Bunmharc	Marc Bónais
211 - 213	8
214 - 216	7
217 - 220	6
221 - 223	5
224 - 226	4
227 - 230	3
231 - 233	2
234 - 236	1
237 - 240	0

Staidéar Gnó - Ardleibhéal - Páipéar II 2018

Ceist 1 (A), (B) & (C)

Leabhar Ceannachán FÍRIC Teo							
Dáta 2018	Sonraí	Sonrasc	F	GLAN €	CBL €	Iomlán €	Marc
01/05	BIRO Teo	9	MLC	45,000	10,350	55,350	$\frac{1}{2} + \frac{1}{2} + \frac{1}{2}$
22/05	RIALTÓIR Teo	27	MLC	18,000	4,140	22,140	$\frac{1}{2} + \frac{1}{2} + \frac{1}{2}$
		(1)		63,000	14,490	77,490	4 (1 + 3)

Leabhar Díolachán FÍRIC Teo							
Dáta 2018	Sonraí	Sonrasc	F	GLAN €	CBL €	Iomlán €	Marc
11/05	SPEC Teo	39	MLF	52,000	11,960	63,960	$\frac{1}{2} + \frac{1}{2} + \frac{1}{2}$
		(1)					2½ (1 + 1½)

Leabhar Airgid Anailísithe FÍRIC Teo (Taobh an Dochair)									
Dáta 2018	Sonraí	Admháil	F	Iomlán Bainc €	Díolacháin €	CBL €	Scairchaipiteal €	Féichiúnaithe €	Marc
05/05	Scairsealbhóir	15	MLG	145,000			145,000		
11/05	Díolacháin		MLG	76,260	62,000	14,260			$\frac{1}{2} + \frac{1}{2} + \frac{1}{2}$
18/05	SPEC Teo	16	MLF	40,000				40,000	$\frac{1}{2} + \frac{1}{2}$
				261,260	62,000	14,260	145,000	40,000	
01/06	Iarmhéid t/s	(1)		204,050					4½ (1 + 3½)

Leabhar Airgid Anailísithe FÍRIC TEO (Taobh an tSochair)								
Dáta 2018	Sonraí	Uimh. Seice	F	Iomlán Bainc €	Ceannacháin €	CBL €	Pánna €	Marc
24/05	Pánna	41	MLG	24,000			24,000	$\frac{1}{2} + \frac{1}{2}$
31/05	Ceannacháin	42	MLG	33,210	27,000	6,210		$\frac{1}{2} + \frac{1}{2} + \frac{1}{2}$
				57,210	27,000	6,210	24,000	
31/05	Iarmhéid t/s			204,050				1
				261,260				
		(1)						4½ (1+1+2½)

Ceist 1 (A), (B) & (C) ar lean.

Dáta 2018	Sonraí	F	Iomlán €	Dáta 2018	Sonraí	F	Iomlán €	Marc
Mórleabhar Ginearálta								
Cuntas Díolachán								
				31/05	Iomlán	LLD	52,000	1
				31/05	Banc	LAM	62,000	1
							114,000	(2)
Cuntas Ceannachán								
31/05	Iomlán	LLC	63,000					1
31/05	Banc	LAM	27,000					1
			90,000					(2)
Cuntas CBL								
31/05	Ceannacháin	LLC	14,490	31/05	Díolacháin	LLD	11,960	1 + 1
31/05	Ceannacháin Airgid	LAM	6,210	31/05	Díolacháin Airgid	LAM	14,260	1 + 1
31/05	Iarmhéid t/s		5,520					1
			26,220				26,220	(5)
				01/06	Iarmhéid t/s		5,520	
Cuntas Scairchaipitil								
				05/05	Banc	LAM	145,000	1
Cuntas Pánna								
24/05	Banc	LAM	24,000					1
Mórleabhar Féichiúnaithe								
Cuntas SPEC Teo								
11/05	Díolacháin	LLD	63,960	18/05	Banc	LAM	40,000	1 + 1
				31/05	Iarmhéid t/s		23,960	1
			63,960				63,960	(3)
01/06	Iarmhéid t/s		23,960					
Mórleabhar Creidiúnaithe								
Cuntas BIRO Teo								
				01/05	Ceannacháin	LLC	55,350	1
Cuntas Rialtóir Teo								
				22/05	Ceannacháin	LLC	22,140	1
								[16]

Ceist 1 (A), (B) & (C) ar lean.

Comhardú Trialach de chuid FÍRIC Teo mar a bhí ar 31/05/2018

	Dr €	Sr €	Marc
Banc	204,050		½
Díolacháin		114,000	½
Ceannacháin	90,000		½
CBL		5,520	½
Scairchaipiteal		145,000	½
Pánna	24,000		½
SPEC Teo	23,960		½
BIRO Teo		55,350	½
RIALTÓIR Teo		22,140	½
	342,010	342,010	4½

Achoimre na Marcanna

Leabhar Ceannachán	4
Leabhar Díolachán	2½
Leabhar Airgid Anailísithe	9
Mórleabhar	16
Comhardú Trialach	4½
Dátaí	2
Fóilió	2
Iomlán	40

Ceist 2

(A) Le húsáid le C.2 (A) (i)

Luaigh dhá chúis a ndíolann gnólacht earraí ar cairde.		Marc
1	Lena ndíolacháin a mhéadú.	2
2	Le cuidiú lena gcustaiméirí a dteastaíonn tuilleadh ama uathu chun íoc astu.	2

Le húsáid le C.2 (A) (ii)

Mínigh dhá mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun rátáil chreidmheasa custaiméirí nua a sheiceáil.		Marc
1	Iarr ar an gcustaiméir teistiméireacht a fháil óna mbanc.	4
2	Iarr ar an gcustaiméir teistiméireacht trádála a fháil ó ghnó eile/iar-chreidiúnaithe.	4

(B) Le húsáid le C.2 (B) (i)

Luaigh trí nós imeachta is gá a leanúint agus próiseáil á déanamh ar shonraisc amach.		Marc 6
1	Seiceáil go bhfuil ainm agus seoladh an fhaighteora ceart.	2
2	Comhdaigh cóip den sonrasc a cuireadh.	2
3	Taifead an sonrasc sa Leabhar Díolachán.	2

Le húsáid le C.2 (B) (ii)

SÁR-CHATHAOIREACHA Teo. Sráid an Duga, Sligeach		SONRASC Uimh. 56		Marc (10)
Teileafón: 071-9531560 ríomhphost: chairsupreme@sligo.ie CBL Uimh. Chlár. IE8567321				
TROSCÁN Teo		Dáta: 16/05/2018 Uimhir d’Ordaithe: 300		2 (1 + 1)
23 Bóthar Chaisleán an Bharraigh,				
Clár Chlainne Mhuiris				
Co. Mhaigh Eo				
CAINNÍOCHT	CUR SÍOS	PRAGHAS AN CEANN	IOMLÁN €	5 (1 + 1 + 1 + 2)
45	Cathaoireacha Uilleacha	140	6,300	0
25	Taisceadáin cois Leapa	68	1,700	
Iomlán (Gan CBL san áireamh)			8,000	
Lascaine Trádála			2,400	
Fo-iomlán			5,600	
CBL			1,288	
E & EE	Iomlán (agus CBL san áireamh)		6,888	1

Ceist 2 ar lean

Le húsáid le C.2 (C) (i)

SÁR-CHATHAOIREACHA Teo., Sráid an Duga, Sligeach		Admháil Uimh. 55	Marc [6]
Dáta: 20 Bealtaine 2018			1
Faighte ó: TROSCÁN Teo			1
An tSuim de: Sé mhíle, ocht gcéad agus ochtú a hocht euro		€6,888	1 + 1
Modh íocaíochta: Dochar Víosa			1
Faighte le buíochas: Rónán Ó Lúing		Bainisteoir Cuntas	1

Le húsáid le C.2 (C) (ii)

Leabhar Airgid Anailísithe (Taobh Dochair) de chuid SAR-CHATHAOIRLEACH Teo.

Dáta	Sonraí	Admháil Uimh.	F	Iomlán Bainc €	Féichiúnaithe €	Marc
20/05/2018	Troscán Teo	55	MLF	6,888	6,888	
1	1	1	1	1	1	[6]

Achoimre na Marcanna	Marcanna
A	12
B	16
C	12
Iomlán	40

Ceist 3 (A)

RÉAMHAISNÉIS SREAFA AIRGEAD TIRIM GALLÚNACH Teo. don tréimhse Aibreán go Meán Fómhair 2019

	Aibreán €	Bealtaine €	Meitheamh €	Iúil €	Lúnasa €	Mean Fómhair €	Iomlán Aibreán - M.F. €	Marc
Fáltais								
Díolacháin airgid	120,000	120,000	120,000	120,000	120,000	168,000	768,000	2
Scairchaipiteal			100,000				100,000	1
Iasacht	36,000						36,000	1
A. Iomlán na bhFáltas	156,000	120,000	220,000	120,000	120,000	168,000	904,000	(4)
ÍOCAÍOCHTAÍ								
Pánna	52,000	52,000	52,000	52,000	57,200	57,200	322,400	2
Árachas	9,500				4,000		13,500	1
Ceannacháin airgid	40,000	40,000	40,000	40,000	40,000	54,000	254,000	2
Fógraíocht	10,000	10,000	10,000	10,000	11,500	11,500	63,000	2
Aisíocaíochtaí iasachta	4,500	4,500	4,500	4,500	4,500	4,500	27,000	1
Trealamh	50,000				60,000		110,000	1
B. Iomlán Íocaíochtaí	166,000	106,500	106,500	106,500	177,200	127,200	789,900	(9)
C. Airgead glan (A - B)	(10,000)	13,500	113,500	13,500	(57,200)	40,800	114,100	5
D. Airgead tosaigh	3,000	(7,000)	6,500	120,000	133,500	76,300	3,000	5
E. Airgead deiridh (C + D)	(7,000)	6,500	120,000	133,500	76,300	117,100	117,100	5
								(15)

Le húsáid le C.3 (B) (i)

Luaigh trí chostas a bheidh ar GALLÚNACH Teo. má roghnaíonn siad a bhflít veaineanna seachadta féin a bheith acu.		Marc
1	Costas as na veaineanna a cheannach	2
2	Costais bhliantúla/sheasta – Mótarárachas	2
3	Costas athraitheach – Pánna tiománaithe/cuiditheoirí	2

Le húsáid le C.3 (B) (ii)

Luaigh trí bhuntáiste do GALLÚNACH Teo. má roghnaíonn siad a bhflít veaineanna seachadta féin a bheith acu.		Marc
1	Is féidir leat a amchlár féin a shocrú chun táirgí a sheachadadh.	2
2	Is féidir leis fógraíocht a dhéanamh dá tháirgí ar a veaineanna seachadta.	2
3	B'fhéidir go mbeadh sé níos saoire san fhadtréimhse ná cuideachta iompair eile a úsáid.	2

Achoimre na Marcanna	Marcanna
A	28
B	12
Iomlán	40

Ceist 4 (A)

				Marc
Cuntas Leithghabhála Trádála, Brabúis agus Cailteanais [1½] de chuid COD Ltd [1] don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 [1½]				4
		€	€	€
Díolacháin			414,000	½
Lúide Costas Díolachán				
Stoc Tosaigh 01/01/2017		10,000		½
Ceannacháin		210,000		½
Dleacht Iompórtála		7,000		½
		227,000		0
Lúide Stoc Deiridh 31/12/2017		11,000	216,000	½ + 0
Brabús Comhlán			198,000	2 (1 + 1)
Cuir Gnóthachain leis				
Cíos Infhála		6,000		½
Cuir Cíos Infhála dlite leis		2,000	8,000	½ + ½
			206,000	0
Lúide Speansais				
Pánna	80,000			½
Cuir pánna atá dlite leis	8,000	88,000		½ + ½
Fógraíocht	40,000			½
Lúide Fógraíocht réamhíoctha	4,000	36,000		½ + ½
Drochfhiacha		12,000		½
Dímheas: Áitreabh:	5,800			½
Veaineanna mótaí	21,600	27,400	163,400	½+½+0
Glanbhrabús			42,600	3 (1+2)
Lúide Díbhinní a íocadh			10,800	½
			31,800	0
Móide iarmhéid brabúis agus cailteanais 01/01/2017			13,000	1
Iarméid brabúis agus cailteanais 31/12/2017			<u>44,800</u>	0
				19½

Ceist 4 (A) Ar lean

				Marc
Clár Comhardaithe [½] COD Teo [1]amhail an 31 Nollaig 2017 [½]				2
	€	€	€	
SÓCMHAINNÍ SEASTA	COSTAS	DÍMHEAS	NBV	
Áitreabh	290,000	5,800	284,200	½+½+½
Veaineanna Mótair	180,000	21,600	158,400	½+½+½
Iomlán na Sócmhainní Seasta	470,000	27,400	442,600	½+½+½
Sócmhainní Reatha				
Stoc Deiridh	11,000			½
Féichiúnaithe	36,000			½
Airgead Tirim	5,000			½
Fógraíocht réamhíoctha	4,000			½
Cíos Infhála dlite	2,000	58,000		½ + 0
Lúide Dliteanais Reatha				
Creidiúnaithe	20,000			½
Rótharraingt Bhainc	7,800			½
Pánna atá dlite	8,000	35,800		½ + 0
Caipiteal Oibre			22,200	0
IOMLÁN GLANSÓCMHAINNÍ			464,800	½ + 0
Maonithe ag	Údaraithe	Eisithe		½ + ½
400,000 gnáthscair €1	400,000	360,000		½ + ½
Iarmhéid brabúis agus cailteanais 31/12/2017		44,800	404,800	½ + 0
Dliteanais Fhadtéarmacha				
Iasacht 30 bliain			60,000	½
Caipiteal a Úsáideadh			464,800	½ + 0
				14½

C.4 (B)

Freagra	Ríomh Meánstoc COD Teo	Marc
€10,500	<u>€10,000 (1m) + €11,000 (1m)</u> 2 (1 m)	5

Achoimre na Marcanna		
(A) Cuntas Leithghabhála Trádála, Brabúis agus Cailteanais	19½	
Clár Comhardaithe	14½	34
Cur i Láthair		1
		35
(B)		5
Iomlán		40

Ceist 5 (A)

(i)

Mínigh dhá bhuntáiste do IOF Teo. as díolacháin a mhéadú i dtíortha an limistéir euro.		Marc 8
1	Níl costais malartaithe airgeadra ar bith ann mar go bhfuil an t-airgeadra céanna ag na tíortha ar fad.	4
2	Tá margadh limistéir an euro ina mhargadh níos mó ná margadh na Ríochta Aontaithe (340 duine i gcomparáid le 64 milliún sa Ríocht Aontaithe) mar sin tá níos mó deiseanna brabúis ann do IOF Ltd.	4

(ii)

Mínigh dhá mhíbhuntáiste do IOF Teo. a bhainfeadh le haistriú ó mhargadh na Ríochta Aontaithe go dtí margaí an limistéir euro.		Marc 8
1	Tá dhá theanga éagsúla ann a d'fhéadfadh fógraíochta agus tionscnamh díolachán a dhéanamh deacair.	4
2	Tá tíortha limistéir an euro níos faide ar shiúl ó Éirinn ná an Ríocht Aontaithe mar sin beidh an t-iompar níos daoire.	4

(B)

(i)

Seachas iasachtaí , luaigh dhá chineál oiriúnacha airgeadais a d'fhéadfadh IOF Teo. a úsáid chun íoc as an síneadh a thógáil ar chostas €400,000.		Marc 8
1	Scairchaipiteal - ceannóidh scairshealbhóir níos mó scaireanna ach ní bhfaighidh siad ach díbhinní má tá an chuideachta brabúsach/mura ngearrtar ús air.	4
2	Deontais ón Rialtas nó AE - foinse saor in aisce airgid nach gcaithfear a íoc ar ais	4

(ii)

Mínigh an téarma 'comhthaobhacht'.	Marc 4
Is éard is comhthaobhacht ann an t-urrús, a bhfuil luach níos mó aige ná an méid a thugann iasachtaí ar iasacht d'iasachtóir agus féadfar é a dhíol murar íocadh an iasacht ar ais.	4

(iii)

Bliain	Caipiteal €	Ús €	Míniú	Marc 12
1	60,000	5,400	9% de €60,000	1
2	45,000	4,050	9% de €45,000	1
3	30,000	2,700	9% de €30,000	1
4	15,000	1,350	9% de €15,000	1
Iomlán Mhéid an Úis atá le híoc		13,500		8

Nóta: caithfear obair (ar fiú 4 mharc í) a thaispeáint le haghaidh 12 mharc iomlána.

Achoimre na Marcanna	Marcanna
A	16
B	24
Iomlán	40

Ceist 6**(A)**

(i)

Luaigh agus mínigh ceithre nós imeachta a chaithfidh an comhlacht a chomhlíonadh chun an post seo a líonadh.		Marc 16
1	Dualgais agus freagrachtaí an Bhainisteora Díolachán a shainaithint.	4
2	Ullmhú sonraíocht phoist ina dtaispeántar na scileanna, cáilíochtaí agus taithí a theastaíonn.	4
3	Fógraigh an post go hinmheánach/seachtrach chun an t-iarrthóir is fearr a fháil.	4
4	Dréachtaigh liosta d'iarratasóirí oiriúnacha le hagallamh a chur orthu.	4

(ii)

Luaigh trí mhodh oiriúnacha fógraíochta don phost mar Bhainistíocht Díolachán in BORD & BÉILE Teo.	Marc 6
Na meáin chlóite	3 @ 2m
Ar líne	
Earcaitheoirí	


(iii)

Luaigh cén tábhacht do BORD & BÉILE Teo. a bhaineann le taifid fostaithe a choinneáil.		Marc 6
Teastaíonn taifid fostaithe le haghaidh cuspóirí párolla, cánachas agus asbhainte eile.		3 @ 2m
Teastaíonn taifid fostaithe ar chúiseanna tionscnaimh agus dífhostaíochta.		
Teastaíonn taifid fostaithe le haghaidh ceanglais sláinte agus sábháilteachta.		

(B)

(i)

Cairt Eagraíochta BORD & BÉILE Teo.



				Marc 8
Cairt Eagraíochta BORD & BÉILE Teo.				1
Scairshealbhóirí				1
Bord Stiúrthóirí				1
Stiúrthóir Bainistíochta				1
Bainisteoir Táirgeachta	Bainisteoir Margaíochta	Bainisteoir Airgeadais	Bainisteoir Iompair	4
1	1	1	1	

(ii)

Ríomh líon na bhfostaithe i ngach roinn de chuid BORD & BÉILE Teo				Marc 4
Táirgeadh	Margaíocht	Iompar	Maoiniú	
80 fostaí	48 fostaí	24 fostaí	8 fostaíthe	
1	1	1	1	

Achoimre na Marcanna	Marcanna
A	28
B	12
Iomlán	40



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthrata a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónaís sin **a shlánú síos**.

Tábla 160 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 160 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthrata an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthrata i gcás 120 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
121 - 123	11
124 - 126	10
127 - 130	9
131 - 133	8
134 - 136	7
137 - 140	6

Bunmharc	Marc Bónais
141 - 143	5
144 - 146	4
147 - 150	3
151 - 153	2
154 - 156	1
157 - 160	0